AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# OIDEACHAS SAORÁNACH, SÓISIALTA AGUS POLAITIÚIL

DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 - 3.30

**Uimhir an Ionaid** [ ]

**Uimhir Scrúdaithe** [ ]

**TREORACHA**

1. **Déan deimhin de go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa bhosca thuas.**

2. Freagair **gach ceist** i Roinn 1 (30 marc)
   Freagair **trí cheist ar bith** i Roinn 2 (60 marc)
   Freagair **ceist amháin ar bith** i Roinn 3 (30 marc)
   Iomlán (120 marc)

3. **Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

4. **Tabhair an páipéar seo ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

| **Don Scrúdaitheoir** | | |
|---|---|---|
| | **Ceist** | **Marc** |
| **Roinn 1** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| **Roinn 2** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **Roinn 3** | **C1** | |
| | **C2** | |
| | **C3** | |
| | **C4** | |
| **IOMLÁN** | | |
| Suim na n-iomlán ag íochtair na leathanach | | |
| Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge | | |
| MÓR IOMLÁN | | |

**Roinn 1**

**Freagair GACH Ceist**

**1.** **(a)** Cé mhéad dáilcheantar ina bhfuil Poblacht na hÉireann roinnte le haghaidh Olltoghcháin?

Cuir tic sa bhosca os comhair na huimhreach atá ceart, i do thuairim.

(a) 26 [ ]

(b) 32 [ ]

(c) 42 [ ]

(d) 10 [ ]

(2 marc)

**(b)** Cé mhéad Teachta Pharlaimint na hEorpa (T.P.E.) de chuid Phoblacht na hÉireann (Baill de Pharlaimint na hEorpa) a thoghtar do Pharlaimint na hEorpa?

Cuir tic sa bhosca os comhair na huimhreach atá ceart, i do thuairim.

(a) 25 [ ]

(b) 40 [ ]

(c) 50 [ ]

(d) 15 [ ]

(2 marc)

**(c)** Ainmnigh **TRÍ** cinn de na páirtithe polaitiúla seo a leanas a bhfuil baill acu sa Dáil:

Cuir tic sa bhosca atá os comhair na **dTRÍ** ainm atá ceart.

(a) Fine Gael [ ]

(b) Páirtí Aontachtaithe Uladh [ ]

(c) Fianna Fáil [ ]

(d) An Páirtí Coimeádach [ ]

(e) Páirtí an Lucht Oibre [ ]

(f) An Páirtí Sóisialach Náisiúnta [ ]

(6 marc)

**2.** *An Chúirt Uachtarach*
*An Ard-Chúirt*
*An Chúirt Choiriúil Speisialta*
*An Chúirt Dhúiche*
*An Chúirt Achomhairc Choiriúil*
*Cúirt na bPáistí*

Déanann gach ceann de na tuairiscí thíos cur síos ar **CHEANN AMHÁIN** de na sé chúirt atá ar an liosta thuas.
Scríobh ainm na cúirte atá i gceist, i do thuairim, faoi gach tuairisc.
Ná scríobh ach ainm **AMHÁIN** faoi gach tuairisc.

(12 marc)

(a) Baineann an chúirt seo le coireanna atá déanta ag daoine óga faoi bhun sé bliana déag d'aois.

Is é ainm na Cúirte ná ______________________________

(b) Baineann an chúirt seo le coireanna coiriúla móra. Níl aon ghiúiré sa chúirt seo.

Is é ainm na Cúirte ná ______________________________

(c) Seo é an chúirt is airde sa tír agus baineann sé le cásanna bunreachtúla. Baineann sé le hachomhairc ón Ard-Chúirt, chomh maith.

Is é ainm na Cúirte ná ______________________________

(d) Baineann an chúirt seo le cásanna sibhialta agus le cásanna coiriúla. Tá 23 cúirt den chineál seo ar fud na tíre.

Is é ainm na Cúirte seo ná ______________________________

(e) Éisteann an chúirt seo le hachomhairc ó chúirteanna eile nuair a chreideann daoine atá ciontaithe nach bhfuair siad cothrom na Féinne nuair a bhí a gcás faoi thriail i gcúirt níos ísle.

Is e ainm na Cúirte ná ______________________________

(f) Is é seo an dara cúirt is airde sa tír. Is féidir leis éisteacht le hachomhairc ó chúirteanna níos ísle agus is féidir leis breith a thabhairt ar chásanna bunreachtúla áirithe.

Is é ainm na Cúirte ná ______________________________

**3.** *Na Ceithre Chúirt* ( Baile Átha Cliath),

*Tithe Rialtais* (Poblacht na hÉireann),

*Na Náisiúin Aontaithe* ( Nua Eabhrac),

*Parlaimint na hEorpa* ( Strasbourg).

Tá grianghraif de na ceithre fhoirgneamh thábhachtacha seo i gcló ar an gcéad leathanach eile.
Scríobh an t-ainm ceart do gach foirgneamh in aice leis an ngrianfhraf cuí.
Scríobh ainm **AMHÁIN** in aice le gach grianghraf.

(8 marc)



Ainm ______________________________



Ainm ______________________________



Ainm ______________________________



Ainm ______________________________

**Roinn 2.**

**Freagair aon TRÍ cinn de na ceisteanna a bhfuil na huimhreacha 1, 2, 3, 4 orthu thíos.**

**Tá 20 marc ar fáil do gach ceist.**

**1. <u>POBALBHREITH</u>**

**Scrúdaigh na graif a thaispeánann torthaí pobalbhreithe a thóg an Irish Times / MRBI in Aibreán 2000 agus atá i gcló ar leathanach scaoilte ar leith.**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú "Pobalbhreith an Irish Times / MRBI do Roinn 2, Ceist 1".**

**Nuair a bheidh scrúdú déanta agat ar na graif seo freagair na ceisteanna thíos.**

**(a)** Ainmnigh an **DÁ** pháirtí a bhfuil gnaoi an phobail orthu íslithe ón "bPobalbhreith Dheireanach"

Ainm pháirtí 1 ______________________________________________

(2 marc)

Ainm pháirtí 2______________________________________________

(2 marc)

**(b)** Cé's móite den ghrúpa a dtugtar "Eile" orthu, cén páirtí ba mhó ar mhéadaigh gnaoi an phobail i gcéatadáin air ón 'bPobalbhreith Dheireanach"?

Ainm an pháirtí ______________________________________________

(2 marc)

**(c)** Tá 6% ag "Eile" sa "Phobalbhreith is Déanaí". Ainmnigh cineál **AMHÁIN** iarrthóra sa Dáil a mbeadh an grúpa nó an rangú seo oiriúnach dó.

Cineál iarrthóra ______________________________________________

(4 marc)

**(d)** Deireann roinnt daoine nár cheart an cineál seo pobalbhreithe a thógaint i ngar do thoghchán. Tabhair argóint **AMHÁIN** ar son agus argóint **AMHÁIN** in aghaidh na tuairime seo.

Ar son: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(2 marc)

In aghaidh: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(2 marc)

**(e)** Uaireanta tógtar pobalbhreitheanna nó suirbhéithe ar scoil. Ainmnigh ceist **AMHÁIN** a bhféadfaí déileáil leis ar scoil sa tslí seo. Tabhair cúis a gceapann tú gurbh fhearr suirbhé / pobalbhreith chun eolas a bhailiú faoin gceist seo.

Ceist: ______________________________________________

(2 marc)

Cúis:______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

(4 marc)

**2. AN DOMHAN AG FORBAIRT**

**Scrúdaigh an dá fhógra atá i gcló thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.**




**Tá Cumann Croise Deirge na hÉireann ag dul i ngleic le gorta san Afraic**

Tá daoine ag fáil bháis agus tá ocras ag bagairt ar na milliúin eile ón ngorta a bhfuil greim aige ar an Aetóip agus ar na tíortha mór-thimpeall.Tá sé práinneach go gcuirfimid cabhair ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé uatha.

---

Cuir síntiús ANOIS chuig: Cumann Croise Deirge na hÉireann,
16 Cearnóg Mhuirfean, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 2.
☐ Is ea, is mian liom cabhrú leis na daoine ar chuir an gorta as dóibh san Afraic.
Iniata gheobhaidh tú seic/ordú poist (iníoctha lg Cumann Croise Deirge na hÉireann) le haghaidh ☐£30 ☐£50 ☐£100 ☐£200 ☐Eile £ ______
nó suim a chur do dhochar mo chuntais Visa/Mastercard/Amex

Cárta Uimhir ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ Dáta Éaga ☐☐☐☐

Síniú...............................................................................................
Ainm:....................................................Seoladh: ...................................................
...............................................................................................

NÓ cuir síntiús trí ghioró bainc chuig: Cumann Croise Deirge na hÉireann ag lua Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste Cuntas Uimhir 1630591 Admháil de dhíth Is ea ☐ Ní hea ☐
Más mian leat is féidir leat glao a chur ar: Cárta Creidmheasa, Líne Ghasta 1850 50 70 70

✚ **CUMANN CROISE DEIRGE NA HÉIREANN**

(a) Ainmnigh an dá chumann charthanachta a d'fhoilsigh na fógraí seo.

Ainm an chéad chumainn charthanachta.....................................……………………………………...

Ainm an dara cumann carthanachta...........................................……………………………………… 

(2 marc)

(b) Ainmnigh cumann carthanachta Éireannach eile atá ag obair sa domhan atá ag forbairt.

Ainm an chumainn charthanachta Éireannaigh.......................………………………………………… 

(2 marc)

(c) Cen tír san Afraic a luann an dá fhógra?

Ainm na tíre.......................................................................………………………………………… 

(2 marc)

(d) Tabhair **DHÁ** chúis a dtarlaíonn gorta in áiteanna san Afraic fós inniu.

An Chéad chúis..............................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................
(2 marc)

An Dara cúis..................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................
(2 marc)

(e) Cé's móite d'airgead a bhailiú do chumainn charthanachta an féidir leat rud **AMHÁIN** eile a mholadh a d'fhéadfá **FÉIN** a dhéanamh in Éirinn chun cabhair a thabhairt gorta a stopadh san Afraic.

Moladh............................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................
(2 marc)

(f) Baineann fógra Goal leas as pictiúr de leanbh atá ag fáil bháis den ocras. Deireann roinnt daoine nár cheart an cineál seo pictiúir a úsáid i bhfógraí. Mol cúis a n-úsaidtear an cineál seo fógra agus ansin mol cúis eile a gcuireann roinnt daoine in aghaidh grianghraif den chineál seo.

Cúis ar úsáideadh grianghraf den chineál seo

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................
(4 marc)

Cúis a gcuireann roinnt daoine in aghaidh grianghraif den chineál seo

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................

.........................................................................................................................................
(4 marc)

**3.** **POBAL AR AIRE**

**Scrúdaigh bróisiúr 'Pobal ar Aire' atá i gcló ar leathanach scaoilte ar leith.**

**Ar bharr an leathanaigh léifidh tú "Bróisiúr 'Pobal ar Aire' do Roinn 2, Ceist 3."**

**Nuair a bheidh scrúdú déanta agat ar an mbróisiúr seo freagair na ceisteanna thíos.**

(a) Ainmnigh **DHÁ** eagraíocht a thugann tacaíocht do thionscadal 'Pobal ar Aire' an Gharda Síochána.

Ainm na chéad eagraíochta.....................................................................................................

Ainm an dara heagraíocht.......................................................................................................

(2 marc)

(b) Cén grúpa daoine ar leith sa phobal a bhfuil an tionscadal seo ag iarraidh cosaint a thabhairt dó?

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(c) Cen fáth a bhfuil cabhair agus comhairle ó thionscadail mar ' Pobal ar Aire' ag teastáil ón ngrúpa áirithe seo? Tabhair **TRÍ** chúis.

An Chéad chúis.......................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(2 marc)

An Dara cúis..........................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(2 marc)

An Tríú cúis...........................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(d) Ainmnigh grúpa **AMHÁIN** eile a dtugann an Garda Síochána cabhair dó sa phobal agus déan cur síos ar **DHÁ** shlí ina dtugann siad cabhair don ghrúpa seo.

Ainm an ghrúpa.......................................................................................…………………….

(2 marc)

An tslí ina gcabhraíonn an Garda leis.........................................................................................

.......................................................................................................................…………………………..

……………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………..

(2 marc)

An tslí ina gcabhraíonn an Garda leis.........................................................................................

.......................................................................................................................…………………………..

……………………………………………………………………………………………..

(2 marc)

(e) Déan cur síos mion ar shlí **AMHÁIN** ina bhféadfadh grúpa de dhaltaí scoile cabhrú le seandaoine atá ag maireachtáil sa phobal céanna.

..........................................................................................................................................................

..........................................................................................................................................................

.......................................................................................................................................................….

……………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………..

(4 marc)

## 4. DAOINE A LORGAÍONN TEARMANN AGUS DÍDEANAITHE

**Scrúdaigh an t-eolas a thugtar sa bhosca thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann.**

- ***Ceapann duine as gach triúr go bhfuil an iomad daoine ó mhionlaigh ag maireachtáil sa tír seo***
- ***Ceapann a leath den phobal, nach mór, go mbeimis níos fearr as gan inimircigh a thagann ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach (A.E.)***
- ***Ceapann duine as gach cúigear go bhfuil an iomad eachtrannach ag maireachtáil sa tír seo***
- ***Ceapann 56 faoin gcéad go mbaineann daoine ó mhionlaigh mí-úsáid as an gcóras leasa shóisialaigh***
- ***Ní theastódh ó 20% den phobal go bpósfadh duine dá gclann duine a thagann ó mhionlach***

(a) De réir an eolais a thugtar sa bhosca thuas, an mó duine a cheapann go bhfuil an iomad daoine ó mhionlaigh ag maireachtáil sa tír seo?

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(b) De réir an eolais a thugtar sa bhosca thuas, an mó duine a cheapann go bhfuil an iomad eachtrannach sa tír seo?

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(c) Cén fáth a bhfuil an ceart ag imircigh ón A.E. obair a dhéanamh in Éirinn?

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(d) Cén roinn rialtais atá freagrach as dídeanaithe agus as daoine a lorgaíonn tearmann nuair a thagann siad isteach sa tír seo i dtús báire?

.......................................................................................................................................

(2 marc)

(e) Cad is brí leis na focail *duine a lorgaíonn tearmann* agus le *dídeanaí ?*

Duine a lorgaíonn tearmann is ea ..........................................................................................

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

(4 marc)

Dídeanaí is ea ……………………………………………………………………………

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

(4 marc)

(f) An é do thuairim go bhfuil Éireannaigh ciníoch? Mínigh do fhreagra.

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

...................................................................................................................................................

(4 marc)

**ROINN 3.**

**Freagair ceann AMHÁIN de na ceisteanna atá uimhrithe 1, 2, 3, 4 thíos.**
**Tá 30 marc ar gach ceist.**

**Má tá níos mó páipéir uait chun an cheist seo a fhreagairt, iarr ar an bhFeitheoir Scrúdaithe é a thabhairt duit.**

**1.** Samhlaigh go dtéann líne traenach ghnóthach trí do cheantar féin ach nach bhfuil aon stáisiún ann. Is ball tú de ghrúpa nua a bunaíodh chun stáisiún traenach a fháil don phobal.

(a) Scríobh óráid (do chruinniú pobail) **NÓ** litir (chuig do Theachta Dála áitiúil) a thabharfaidh ar a laghad **TRÍ** chúis a mbeadh stáisiún traenach ar son leasa an phobail, i do thuairim.

(b) Déan cur síos ar **THRÍ** ghníomh éagsúla a bheadh mar chuid den fheachtas chun stáisiún traenach áitiúil a fháil don phobal.

(c) Tarraing póstaer imlíneach a spreagfadh daoine áitiúla chun páirt a ghlacadh san fheachtas. Bíodh mana mar chuid den phóstaer.

**2.** Scríobh mionchuntas ar thuras a rinne tú mar chuid den chúrsa O.S.S.P. **NÓ** ar chuairt a rinne aoi-chainteoir ar do rang O.S.S.P. Sa dá chás:

(a) Mínigh an tslí a raibh baint ag an ngníomhaíocht leis an gcúrsa O.S.S.P.

(b) Tabhair cuntas imlíneach ar **DHÁ** scil agus ar **THRÍ** phointe eolais thábhachtacha a d'fhoghlaim tú ón ngníomhaíocht seo.

(c) Tabhair cuntas ar **DHÁ** ghníomhaíocht a rinne tú féin nó an rang mar thoradh ar an turas seo nó ar an gcuairt seo.

**3.** Samhlaigh go bhfuair tú post chun Cairt um Chearta agus Dualgais Phríosúnach a chur le chéile.

(a) Ainmnigh **TRÍ** eagraíocht a ndéanfá teagmháil leo chun cabhrú leat an Chairt seo a dhéanamh chomh tábhachtach agus is féidir.

(b) Déan liosta de **DHÁ** cheart thábhachtacha agus de **DHÁ** dhualgas thábhachtacha ba chóir a bheith ar an liosta, i do thuairim.

(c) I gcás **GACH** ceann de na cearta agus de na dualgais seo, mínigh an chúis ar chóir an ceart nó an dualgas áirithe seo a bheith san áireamh.

4. Samhlaigh gur iarradh ort, mar chuid den chúrsa O.S.S.P., bréagthoghchán **NÓ** bréagpharlaimint a eagrú sa scoil. Bain úsaid as na ceannteidil seo a leanas chun mionchuntas a thabhairt ar an tslí a ndéanfá é seo.

(a) A bhfuil i gceist agat a bhaint amach ón ócáid seo.

(b) An tslí a meallfá an oiread daltaí agus is féidir chun páirt a ghlacadh.

(c) An tslí a roghnófaí iarrthóirí agus na socruithe vótála a d'úsáidfeá.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………



**[THALL →**